Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 2 Meitheamh 2023
(OR. en)

Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0165(COD)

10126/23
ADD 1

TRANS 221
MAR 80
OMI 47
CODEC 1016
IA 132
ILO 6

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 1 Meitheamh 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 271 final - IARSCRÍBHINNÍ 1-5 |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINNÍ a ghabhann leis an Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2009/16/CE maidir le rialú Stáit ar chalafoirt |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 271 final - IARSCRÍBHINNÍ 1-5.

---

Faoi iamh: COM(2023) 271 final - IARSCRÍBHINNÍ 1-5

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 1.6.2023
COM(2023) 271 final

ANNEXES 1 to 5

# IARSCRÍBHINNÍ

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**lena leasaítear Treoir 2009/16/CE maidir le rialú Stáit ar chalafoirt**

{SEC(2023) 202 final} - {SWD(2023) 148 final} - {SWD(2023) 149 final}

# IARSCRÍBHINN I

**'I. Próifíl Riosca loinge**

Cinnfear próifíl riosca loinge de réir meascán de na bparaiméadar cineálach, stairiúil agus comhshaoil seo a leanas:

**1. Paraiméadair chineálacha**

(a) Cineál loinge

Measfar gurb airde an riosca a bhíonn ag gabháil le longa paisinéirí, tancaeir ola agus ceimiceán, iompróirí gáis agus bulciompróirí.

(b) Aois na loinge

Measfar gurb airde an riosca a bhíonn ag gabháil le longa níos sine ná 12 bhliain.

(c) Feidhmíocht an Stáit bratаí

(i) Measfar gurb airde an riosca a bhíonn ag gabháil le longa a bhfuil bratach Stáit ar foluain acu a bhfuil ráta coinneála ard aige laistigh den Chomhphobal agus de réigiún Mheabhrán Comhthuisceana Pháras.

(ii) Measfar gurb ísle an riosca a bhíonn ag gabháil le longa a bhfuil bratach Stáit ar foluain acu a bhfuil ráta coinneála íseal aige laistigh den Chomhphobal agus de réigiún Mheabhrán Comhthuisceana Pháras.

(iii) Measfar gurb ísle an riosca a bhíonn ag gabháil le longa atá faoi bhratach Stáit a dhaingnigh na hionstraimí éigeantacha IMO a liostaítear in Airteagal 2(1). A luaithe a ghlacfar na bearta dá dtagraítear in Airteagal 10(3), cuirfidh an Stát brataí lena mbaineann long dá leithéid fianaise ar fáil go bhfuil an Cód um chur chun feidhme ionstraimí éigeantacha na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta á chomhlíonadh aige.

(iv) Longa atá faoi bhratach Stáit a bhfuil leaganacha leictreonacha de na deimhnithe reachtúla a leagtar amach i bpointe 1-XX d'Iarscríbhinn IV ar foluain aige.

(d) Eagraíochtaí aitheanta

(i) Longa a bhfuil deimhnithe faighte acu ó eagraíochtaí aitheanta a mbaineann leibhéal íseal nó an-íseal feidhmíochta leo i dtaca lena rátaí coinneála laistigh den Chomhphobal agus de réigiún Mheabhrán Comhthuisceana Pháras, measfar gurb airde an riosca a bhíonn ag gabháil leo.

(ii) Longa a bhfuil deimhnithe faighte acu ó eagraíochtaí aitheanta a mbaineann leibhéal ard feidhmíochta leo i dtaca lena rátaí coinneála laistigh den Chomhphobal agus de réigiún Mheabhrán Comhthuisceana Pháras, measfar gurb ísle an riosca a bhíonn ag gabháil leo.

(iii) Longa a bhfuil deimhnithe faighte acu ó eagraíochtaí a aithnítear faoi théarmaí Rialachán (CE) Uimh. 391/2009.

(e) Feidhmíocht na gcuideachtaí

(i) Longa de chuid cuideachta a mbaineann leibhéal íseal nó an-íseal feidhmíochta léi, leibhéal a cinneadh de réir uireasaí a cuid long agus de réir a cuid rátaí

coinneála laistigh den Chomhphobal agus de réigiún Mheabhrán Comhthuisceana Pháras, measfar gurb airde an riosca a bhíonn ag gabháil leo.

(ii) Longa de chuid cuideachta a mbaineann leibhéal ard feidhmíochta léi, leibhéal a cinneadh de réir easnamh a cuid long agus de réir a cuid rátaí coinneála laistigh den Chomhphobal agus de réigiún Mheabhrán Comhthuisceana Pháras, measfar gurb ísle an riosca a bhíonn ag gabháil leo.

(f) Paraiméadair stairiúla

(i) Measfar gurb airde an riosca a bhíonn ag gabháil le longa a cuireadh faoi choinneáil níos mó ná aon uair amháin.

(ii) Longa a bhfuarthas, le linn cigireachtaí a rinneadh orthu sa tréimhse dá dtagraítear in Iarscríbhinn II, gur lú easnaimh a bhain leo ná an líon easnamh dá dtagraítear in Iarscríbhinn II, measfar gurb ísle an riosca a bhíonn ag gabháil leo.

(iii) Measfar gurb ísle an riosca a bhíonn ag gabhail le longa nár cuireadh faoi choinneáil le linn na tréimhse dá dtagraítear in Iarscríbhinn II.

Chun na próifílí riosca loinge seo a leanas a chinneadh, déanfar na paraiméadair riosca a chur i dtoll a chéile trí bhíthin tosca ualúcháin lena dtabharfar san áireamh an tionchar coibhneasta a bhíonn ag gach paraiméadar ar leith ar an riosca comhiomlán a ghabhann leis an long:

– riosca ard,

– gnáthriosca,

– riosca íseal.

Agus na próifílí riosca sin á gcinneadh, tabharfar breis tábhachta do na paraiméadair a bhaineann le cineál na loinge, le feidhmíocht an Stáit brataí, le heagraíochtaí aitheanta agus le feidhmíocht na cuideachta.

(g) Paraiméadair chomhshaoil

(i) Táscaire Déine Carbóin na loinge, measfar gurb airde an riosca a ghabhann le longa de chatagóir D-E.

(ii) Longa lena bhfuarthas, le linn cigireacht nó cigireachtaí a rinneadh orthu sa tréimhse dá dtagraítear in Iarscríbhinn II, gur lú easnaimh a bhain leo ná an líon easnamh a bhaineann le MARPOL, AFS, BWMC, CLC 92, an Coinbhinsiún um Ola Umair agus Coinbhinsiún Nairobi dá dtagraítear in Iarscríbhinn II, measfar gurb ísle an riosca a bhíonn ag gabháil leo.

# IARSCRÍBHINN II

**DEARADH PHRÓIFÍL RIOSCA NA LONG**

**(dá dtagraítear in Airteagal 10(2))**

| | | | | Próifíl | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Long Ardriosca (LAR) | | Long Gnáthriosca (LGR) | Long Ísealriosca (LÍR) |
| Paraiméadair chineálacha | | | | Critéir | Pointí ualaithe | Critéir | Critéir |
| 1 | Cineál loinge | | | Iompróir gáis tancaeir ceimiceán Tancaer ola Bulciompróra loinge paisinéirí | 1 | ní long ardriosca ná long ísealriosca í | Gach cineál |
| 2 | Aois na loinge | | | gach cineál > 12 bhliain | 1 | | Gach aois |
| 3a | Bratach | Feidhmíocht íseal | | | 2 | | Ardfheidhmíocht |
| 3b | | Daingníodh na hionstraimí IMO go léir a liostaítear in Airteagal 2 | | - | - | | Tá |
| 3c | | Ríomhdheimhniú | | Tarchuirtear deimhnithe reachtúla go digiteach chuig an gcóras faisnéise | | | |
| 4a | Eagraíocht aitheanta | Feidhmíocht | H | - | - | | Ard |
| | | | M | - | - | | - |
| | | | L | Íseal | 1 | | - |
| | | | VL | An- íseal | | | - |
| 4b | | Aitheanta ag an Aontas | | - | - | | Tá |
| 5 | Cuideachta | Feidhmíocht | H | - | - | | Ard |
| | | | M | - | - | | - |
| | | | L | Íseal | 2 | | - |
| | | | VL | An-íseal | | | - |
| Paraiméadair stairiúla | | | | | | | |
| 6 | An líon easnamh a cuireadh ar taifead le linn gach cigireacht ar leith laistigh de 36 mhí roimhe sin | | Easnaimh | >6 i gceann de na cigireachtaí | - | | ≤ 5 i ngach cigireacht aonair (agus cigireacht amháin, ar a laghad, arna déanamh roimhe sin) 36 mhí) |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 7 | Líon na gcoinneálacha le 36 mhí anuas | Coinneálacha | ≥ 2 choinneáil | 1 | | Níor cuireadh faoi choinneáil ar chor ar bith |
| Paraiméadair chomhshaoil | | | | | | |
| 8 | Táscaire Déine Carbóin (CII) | Rátáil | D-E | 1 | | |
| 9 | An líon easnamh a bhaineann le Coinbhinsiúin Marpol, AFS, BWM, CLC 92, an Coinbhinsiún um Ola Umair agus Coinbhinsiún Nairobi a cuireadh ar taifead le linn gach cigireacht le 36 mhí anuas | Easnaimh | >3 i gceann de na cigireachtaí | 1 | | |

LAR iad na longa ar cothrom le 5 phointe ualúcháin, nó níos mó sin, a luach iomlán. LÍR iad na longa a chloíonn le critéir uile na bParaiméadar Riosca Íseal.

LGR iad na longa nach longa LAR ná LÍR iad

# IARSCRÍBHINN III

## ‘Iarscríbhinn IV

## LIOSTA DE DHEIMHNITHE AGUS DE DHOICIMÉID

## (dá dtagraítear in Airteagal 13(1))

Liosta Chuid A de na deimhnithe agus de na doiciméid ar cheart, a mhéid is infheidhme, iad a sheiceáil ar a laghad le linn na cigireachta dá dtagraítear i mír 2.2.3 (de réir mar is iomchuí):

1. Deimhniú Idirnáisiúnta um Thonnáiste;
2. Na tuarascálacha ar chigireachtaí um rialú ag Stáit chalafoirt a rinneadh roimhe;
3. Deimhniú Sábháilteachta Loinge Paisinéirí (SOLAS 1974, rialachán I/12);
4. Deimhniú Sábháilteachta um Dhéanmhas Lastloinge (SOLAS 1974, rialachán I/12);
5. Deimhniú Sábháilteachta um Threalamh Lastloinge (SOLAS 1974, rialachán I/12);
6. Deimhniú Sábháilteachta um Raidio Lastloinge (SOLAS 1974, rialachán I/12);
7. Deimhniú Sábháilteachta Lastloinge (SOLAS 1974, rialachán I/12);
8. Deimhniú Díolúine (SOLAS 1974, rialachán I/12);
9. Doiciméad um Fhoirniú Sábháilte Íosta (SOLAS 1974, rialachán V/14.2);
10. Deimhniú Ualachlíne Idirnáisiúnta (1966) (LLC 66/88, airteagal 16.1);
11. Deimhniú Díolúine Ualachlíne Idirnáisiúnta (LLC 66/88, airteagal 16.2);
12. Deimhniú Idirnáisiúnta um Chosc ar Thruailliú le hOla (Marpol Iarscríbhinn I, rialachán 7.1);
13. Deimhniú Idirnáisiúnta um Chosc ar Thruailliú i dtaca le Substaintí Leachtacha Díobhálacha a Iompar ina mBulc (NLS) (Marpol, Iarscríbhinn II, rialachán 9.1);
14. Deimhniú Idirnáisiúnta um Chosc ar Thruailliú le Camras (ISPPC) (Marpol, Iarscríbhinn IV, rialachán 5.1, MEPC.1/Circ.408);
15. Deimhniú Idirnáisiúnta um Chosc ar Thruailliú le hOla (IAPPC) (Marpol, Iarscríbhinn VI, rialachán 6.1);
16. Deimhniú Idirnáisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh (Marpol, Iarscríbhinn VI rialachán 6);
17. Deimhniú Idirnáisiúnta um Bainistiú Uisce Ballasta (IBWMC) (BWMC Airteagal 9.1(a) agus rialachán E-2);
18. Deimhniú Idirnáisiúnta um Chórais Frithsmálaithe (Deimhniú IAFS) (AFS 2001 Iarscríbhinn 4 rialachán 2);
19. Dearbhú maidir le AFS (AFS 2001 Iarscríbhinn 4 rialachán 5);
20. Deimhniú Idirnáisiúnta um Shlándáil Long (ISSC) nó Deimhniú Eatramhach Idirnáisiúnta um Shlándáil Long (Cód ISPS cuid A/19 agus aguisíní);
21. Deimhnithe le haghaidh máistrí, oifigeach nó rátálacha arna n-eisiúint i gcomhréir le Coinbhinsiún STCW (STCW airteagal VI, rialachán I/2 agus Cód STCW cuid A-I/2);

22. Cóip den Doiciméad Comhlíontachta nó cóip den Doiciméad Eatramhach Comhlíontachta arna eisiúint i gcomhréir leis an gCód Bainistithe Idirnáisiúnta um Oibriú Sábháilte Long agus um Thruailliú a Chosc (Doc) Cód ISM (SOLAS rialachán IX/4.2, Cód ISM, mír 13 agus 14);

23. Deimhniú Bainistithe Sábháilteachta nó Deimhniú Eatramhach Bainistithe Sábháilteachta arna eisiúint i gcomhréir leis an gCód Bainistithe Idirnáisiúnta um Oibriú Sábháilte Long agus um Thruailliú a Chosc (SMC) (SOLAS 1974, rialachán IX/4.3, Cód ISM, mír 13 agus 14);

24. Deimhniú Idirnáisiúnta um Oiriúnacht le haghaidh Gáis Leachtaithe a Iompar ina mBulc, nó an Deimhniú um Oiriúnacht le haghaidh Gáis Leachtaithe a Iompar ina mBulc, cibé acu is iomchuí (Cód IGC rialachán1.5.4 nó Cód GC rialachán 1.6);

25. Deimhniú Idirnáisiúnta um Oiriúnacht le haghaidh Ceimiceáin Chontúirteacha a Iompar ina mBulc, nó an Deimhniú um Oiriúnacht le haghaidh Ceimiceáin Chontúirteacha a Iompar ina mBulc, cibé acu is iomchuí (Cód IBC rialachán 1.45.4 agus Cód BCH rialachán 1.6.3); 26 INF (Cód Idirnáisiúnta um Iompar Sábháilte Breosla Núicléach Ionradaithe Pacáistithe, Plútóiniam agus Dramhaíolacha Radaighníomhach Ardleibhéil ar Bord Long) Deimhniú Oiriúnachta (SOLAS rialachán VII/16 agus Cód INF rialachán .1.3);

26. INF (Cód Idirnáisiúnta um Iompar Sábháilte Breosla Núicléach Ionradaithe Pacáistithe, Plútóiniam agus Dramhaíolacha Radaighníomhach Ardleibhéil ar Bord Long) Deimhniú Oiriúnachta (SOLAS rialachán VII/16 agus Cód INF rialachán .1.3);

27. Deimhniú árachais, nó aon urrús airgeadais eile, i dtaca le dliteanas sibhialta i leith damáiste de dheasca truailliú le hola (CLC 69/92, airteagal VII.2);

28. Deimhniú árachais, nó aon urrús airgeadais eile, i dtaca le dliteanas sibhialta i dtaca le damáiste de dheasca truailliú le hola umair (BUNKERS 2001 airteagal 7.2);

29. Deimhniú Árachais nó Slándála Airgeadais eile i leith Dliteanais maidir le Árthaí Raice a Bhaint (Árthaí Raice a Bhaint Airteagal 12);

30. Deimhniú Sábháilteachta Árthaí Ardluais agus Cead chun Árthaí Ardluais a Oibriú (SOLAS 1974, rialachán X/3.2 agus Cód HSC 94/00 rialacháin 1.8.1 agus 1.9);

31. Doiciméad comhlíontachta i dtaca leis na ceanglais speisialta a leagtar ar longa a iompraíonn earraí contúirteacha (SOLAS 1974, rialachán II-2/19.4);

32. Doiciméad údarúcháin maidir le gráin a iompar agus lámhleabhar um luchtú grán (SOLAS 1974, rialachán VI/9; Cód Idirnáisiúnta um Iompar Sábháilte Grán i mBulc, alt 3);

33. Ráiteas Comhlíonta um an Scéim um Bailmheasúnú (CAS), Tuarascáil Deiridh agus Taifead Athbhreithnithe CAS (Marpol Iarscríbhinn I, rialacháin 20 agus 21; rún MEPC.94(46), arna leasú le rúin MEPC.99 (48), MEPC.112 (50), MEPC.131(53), rún MEPC.155(55), agus MEPC.236(65);

34. Taifead Achoimre Leanúnach (SOLAS 1974, rialachán XI-1/5);

35. Leabhar Taifid Ola, cuid I agus cuid II (Marpol, Iarscríbhinn I, rialacháin 17 agus 36);

36. Leabhar Taifid Lasta (Marpol, Iarscríbhinn II, rialachán 15);

37. Leabhar Taifid Bruscair, cuid I agus cuid II (Marpol, Iarscríbhinn V, rialachán 10.3); (Marpol, Iarscríbhinn V, rialachán 10);

38. Plean Bainistithe Dramhaíola (Marpol, Iarscríbhinn V, rialachán 10; rún MEPC.220 (63));

39. Logleabhar agus taifeadtaí ar leibhéal agus staid air/as inneall díosail mhuirí (Marpol, Iarscríbhinn VI, rialachán 13.5.3);

40. Logleabhar le haghaidh athrú ola breosla (Marpol Iarscríbhinn VI, rialachán 14.6);

41. Leabhar Taifid Substaintí ídithe Ózóin (Marpol, Iarscríbhinn VI, rialachán 12.6);

42. Leabhar Taifid Uisce Ballasta (BWRB) (BWMC Airteagal 9.1 (b) agus rialachán B-2);

43. Córais fosaithe múchta dóiteáin gáis – Deimhniú Díolúine um spásanna lasta agus aon liosta lastaí (SOLAS 1974, rialachán II-2/10.7.1.4);

44. Lastliosta d'Earraí Contúirteacha nó plean stuála (SOLAS 1974, rialacháin VII/4 agus VII/7-2; Marpol, Iarscríbhinn III, rialachán 54);

45. I gcás tancaeir ola, taifead, ón muiraistear ballasta deireanach den chóras faireacháin agus rialála le haghaidh eisfhearadh ola (Marpol, Iarscríbhinn I, rialachán 31.2)

46. Plean comhair um Chuardach agus Tarrtháil le haghaidh longa paisinéirí a bhíonn i mbun trádála ar bhealaí seasta (SOLAS 1974, rialachán V/7.3);

47. I gcás longa paisinéirí, Liosta na dteorainneacha oibríochtúla (SOLAS 1974, rialachán V/30.2);

48. Cairteacha loingseoireachta agus foilseacháin mhuirí (SOLAS 1974, rialacháin V/19.2.1.4 agus V/27);

49. Taifid d'uaireanta sosa agus tábla de na socruithe oibre ar bord loinge (Cód STCW cuid A-VIIII/1.5 agus 1.7, Coinbhinsiún ILP Uimh.180, airteagal 5.7, airteagal 8.1 agus MLC, Caighdeán 2006 A.2.3.10 agus A.2.3.12);

50. Fianaise ar spásanna innealra neamhfhreastalaithe (UMS) (SOLAS 1974, rialachán II-I/46.3);

51. Deimhnithe a cheanglaítear le Treoir 2009/20/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le hárachas a bheith ag úinéirí loinge i leith éilimh mhuirí;

52. Deimhnithe a cheanglaítear le Rialachán (CE) Uimh. 392/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le dliteanas iompróirí paisinéirí de mhuir i gcás timpistí;

53. Deimhniú maidir le fardal na n-ábhar guaiseach nó ráiteas maidir le comhlíonadh de réir mar is infheidhme de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle; agus

54. Doiciméad Comhlíontachta arna eisiúint faoi réir Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin ó mhuiriompar, agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE.

Liosta Chuid B de na deimhnithe agus de na doiciméid eile ar gá, a mhéid is infheidhme, iad a bheith ar bord (de réir mar is iomchuí):

1. Líníochtaí foirgníochta (SOLAS reg. II-1/3-7);
2. Cód um Dhéanmhas Loinge (SOLAS rialachán II-1/3-10);
3. Leabhrán Inlíochta agus faisnéis (SOLAS rialachán II-1/28);
4. Faisnéis maidir le cobhsaíocht (SOLAS rialacháin II-1/5 agus II-1/5-1 agus LLC 66/88 rialachán 10);
5. Faisnéis maidir le foroinnt agus cobhsaíocht (Marpol Iarscríbhinn I rialachán 28);
6. Pleananna agus leabhráin maidir le rialú damáiste (SOLAS rialachán II-1/19; MSC.1/Imlitir1245)
7. Lámhleabhar Rochtana ar Struchtúr Loinge (SOLAS rialachán II-1/3-6);
8. Comhaid um Thuarascáil Suirbhé Fheabhsaithe (i gcás bulciompróirí nó tancaeir ola) (SOLAS rialachán X -1/2 agus Cód ESP 2011 míreanna 6.2 agus 6.3 d'Iarscríbhinn A, cuid A agus cuid B, agus Iarscríbhinn B, cuid A agus cuid B);
9. Lámhleabhar maidir le Daingniú Lasta (SOLAS rialacháin VI/5.6 agus VII/5; MSC.1/Imlitir.1353/Athbhreithniú1);
10. Leabhrán Bulc-Iompróra (SOLAS rialachán VI/7.2 agus XII/8, Cód BLU);
11. Plean Luchtaithe/Díluchtaithe le haghaidh bulclastaí (SOLAS rialachán VI/7.3);
12. Faisnéis Lasta (SOLAS rialachán VI/2 agus XII/10, MSc/Imlitir663);
13. Plean/leabhrán rialaithe dóiteáin (SOLAS rialachán II-2/15.2.4 agus II-2/15.3.2);
14. Leabhrán oibríochta um shábháilteacht ó dhóiteán (SOLAS rialachán II-2/16.2);
15. Lámhleabhar oiliúna um shábháilteacht ó dhóiteán (SOLAS rialachán II-2/1 5.2.3);
16. Lámhleabhar oiliúna (SOLAS rialachán III/35);
17. Taifid oiliúna, druileanna agus cothabhála ar bord (SOLAS rialachán II-2/15.2.2.5 agus rialacháin III/19.3 agus III/19.5 agus III/20.6 agus III/20.7);
18. Pleananna agus Nósanna Imeachta a Bhaineann go Sonrach le Longa chun Daoine a Aisghabháil ón Uisce (SOLAS rialachán) III/17-1; MSC.346(91); MSC.1/Imlitir1447);
19. Córas tacaíochta cinntí do mháistrí (Longa paisinéirí) (SOLAS rialachán III/29);
20. Cód Idirnáisiúnta Comharthaí agus cóip d'Imleabhar III de Lámhleabhar IAMSAR (SOLAS rialachán V/21);
21. Taifid maidir le gníomhaíochtaí loingseoireachta (SOLAS rialachán V/26 agus V/28.1);
22. Plean Slándála Loinge agus taifid ghaolmhara (SOLAS rialachán XI-2/9 agus Cód ISPS cuid A/9 agus 10);
23. Deimhniú Idirnáisiúnta um Chosc ar Thruailliú le hAer Innill (EIAPPC) (Cód Teicniúil NOX 2008 rialachán 2.1.1.1);
24. Comhad Teicniúil EEDI (Marpol Iarscríbhinn VI, rialachán 20);
25. Comhaid theicniúla (Cód Teicniúil NOX 2008 rialachán 2.3.4);
26. Leabhar taifid de pharaiméadair innill (Cód Teicniúil NOX rialachán 2.3.7);
27. Deimhniú cineálcheadaithe an loisceora (Marpol Iarscríbhinn VI rialachán 16.6);

28. Lámhleabhar Oibriúcháin an Mhonaróra maidir le Loisceoirí (Marpol Iarscríbhinn VI rialachán 16.7);

29. Nós imeachta um Athrú Ola Breosla le haghaidh athrú ola breosla (Marpol Iarscríbhinn VI rialachán 14.6);

30. 30 nóta seachadta Ola Umair agus Sampla Ionadaíoch (Marpol Iarscríbhinn VI rialachán 18.6 agus 18.8.1);

31. Plean Éigeandála um Thruailliú le hOla ar Bord Loinge (Marpol Iarscríbhinn I rialachán 37.1; rún MEPC.54(32), arna leasú le rún MEPC.86 (44));

32. Plean Éigeandála um Thruailliú Muirí le haghaidh Substaintí Leachtacha Díobhálacha (Marpol Iarscríbhinn II rialachán 17);

33. Plean Bainistithe um Éifeachtúlacht Fuinnimh Loinge (Marpol Iarscríbhinn VI rialachán 22, MEPC.1/Imlitir795);

34. Plean Oibríochta STS agus Taifid ar Oibríochtaí STS (Marpol Iarscríbhinn I rialachán 41);

35. Lámhleabhar Nósanna Imeachta agus Socruithe (tancaeir ceimiceán) (Marpol Iarscríbhinn II rialachán 14.1; rún MEPC.18(22), arna leasú le rún MEPC.62 (35));

36. Plean Bainistithe VOC (Marpol Iarscríbhinn VI rialachán 15.6);

37. Plean Bainistíochta Uisce Ballasta (BWMP) (BWMC rialachán B-1, rún MEPC.127 (53))

38. Tuarascáil maidir le Tástáil Comhréireachta LRIT (SOLAS rialachán V/19-1.6; MSC.1/Imlitir1307);

39. Cóip den Deimhniú comhlíontachta arna eisiúint ag an tsaoráid tástála, ina sonrófar an dáta comhlíontachta agus na caighdeáin feidhmíochta is infheidhme maidir le VDR (taifeadán sonraí turais) (SOLAS rialachán V/18.8);

40. Tuarascáil tástála AIS (SOLAS rialachán V/18.9, MSC.1/Imlitir1252);

41. Tuarascáil maidir le Suirbhé Torainn (SOLAS rialachán II-1/3-12);

42. Lámhleabhar Oibríochta um Fhaireachán agus Rialú ar Scaoileadh le hOla (ODMC) (Marpol Iarscríbhinn I rialachán 31; rún A.496(XII); rún A.586(14), arna leasú le rún MEPC.24(22); rún MEPC.108(49), arna leasú le rún MEPC.240 (65));

43. Lámhleabhar maidir le hOibríocht agus Trealamh Níocháin Amhola (Marpol Iarscríbhinn I rialachán 35, rún MEPC.81 (43));

44. Bileoga Sonraí Sábháilteachta Ábhar (MSDS) (SOLAS rialachán VI/5-1, MSC.286 (86));

45. Taifead AFS (AFS 2001 Iarscríbhinn 4 rialachán 2);

46. Comhad Teicniúil Cumhdaigh (SOLAS rialachán II-1/3-2); agus

47. Pleananna cothabhála (SOLAS rialachán II-2/14.2.2, II-2/14.3 agus II-2/14.4).

Mar thagairt:

1. Deimhniú Cláraithe nó doiciméad náisiúntachta eile (Unclos Airteagal 9.1.2);

2. Deimhnithe i dtaca le láidreacht chabhlach na loinge agus i dtaca le suiteálacha innealra arna n-eisiúint ag an gcumann aicmiúcháin lena mbaineann (nach mbeidh ag teastáil ach amháin má choinníonn an long a haicme le cumann aicmiúcháin);

3. Leabhar Taifid Trealaimh Lasta (Coinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair Uimh. 32, Airteagal 9.2(4) agus Coinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair Uimh. 152, Airteagal 25);

4. Deimhnithe maidir le trealamh a luchtú agus a dhíluchtú (Coinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair Uimh. 134, airteagal 4.3(e) agus Coinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair Uimh. 32, Airteagal 9(4));

5. Deimhniú leighis (Coinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair Uimh. 73 nó MLC, 2006 Caighdeán A1.2);

6. Taifid d'uaireanta oibre nó scíthe na maraithe (Coinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair Uimh.180 cuid II, airteagal 8.1 nó MLC, 2006, Caighdeán A.2.3.12);

7. Deimhniú Oibreachais Mhuirí (MLC, 2006, Rialachán 5.1.3);

8. Dearbhú maidir le Deimhniú Oibreachais Mhuirí (MLC, 2006, Rialachán 5.1.3);

9. Dearbhú maidir le Comhlíonadh Oibreachais Mhuirí (DMLC) ar bord (codanna I agus II) (MLC, 2006, Rialachán 5.1.3);

10. Comhaontuithe fostaíochta maraithe (MLC, 2006, Caighdeán A 2.1);

11. Deimhniú Árachais nó Urrúis Airgeadais maidir le hAisdúichiú Maraithe (MLC, 2006, Rialachán 2.5); agus

12. Deimhniú Árachais nó Urrúis Airgeadais maidir le Dliteanas Úinéirí Long (MLC, 2006, Rialachán 4.2).

# IARSCRÍBHINN IV

‘IARSCRÍBHINN VI

NÓSANNA IMEACHTA MAIDIR LE LONGA A RIALÚ

(dá dtagraítear in Airteagal 15(1))

Iarscríbhinn I, 'Nósanna Imeachta um an Rialú Stáit ar Chalafoirt', a ghabhann le Meabhrán Comhthuisceana Pháras agus na treoracha seo a leanas ó Mheabhrán Comhthuisceana Pháras, sa leagan díobh atá cothrom le dáta:

Treoracha teicniúla PSCC

– PSCC41-2008-07 Cód Dea-chleachtais
– PSCC53-2020-08 Sainmhínithe agus Giorrúcháin

Meabhrán Ginearálta Comhthuisceana Pháras

– PSCC54-2021-03 Cineál cigireachta
– PSCC55-2022-10 Coinneáil agus Beart a Rinneadh
– PSCC55-2022-08 Foirmeacha samplacha
– PSCC52-2019-05 Rialú oibríochtúil
– PSS43-2010-11 Díolúintí an Stáit Brataí
– PSCC48-2015-09 Freagracht eagraíochtaí aitheanta
– PSCC51 Stop a chur le hoibríocht
– PSCC49-2016-11 Tástáil lándorchaithe
– PSCC53-2020-06 Diúltú Rochtana (Toirmeasc)
– PSCC50-2017-12 Olliompróirí/tancaeir ola struchtúir
– PSCC43-2010-06 Duga Tirim
– PSCC53-2020-11 Cead a thabhairt faoi choinne turas amháin chuig clós deisiúcháin d'easnaimh 'damáiste de thaisme'

Coinbhinsiún SOLAS

– PSCC55-2022-09 Cód ISM
– PSCC54-2021-02 Cód ISPS
– PSCC51-2018-12 ECDIS
– PSCC43-2010-32 VDR (Taifeadáin Dátaí Turas)
– PSCC43-2010-09 Bileoga Sonraí Sábháilteachta Ábhar
– PSCC43-2010-21 GMDSS
– PSCC44-2011-16 Crúcaí scaoilte lóid Báid Tarrthála
– PSCC45-2012-10 Cobhsaíocht damáiste ar thancaeir
– PSCC55-2022-05 LRIT

– PSCC43-2010-28 Tomhais tiúis ESP/CAS

– PSCC43-2010-29 Tomhas tiúis

– PSCC51-2018-11 Cód Polach

– PSCC55-2022-02 Cód IGF

an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thruailliú ó Longa a Chosc (Marpol)

– PSCC46-2013-18 Marpol Iarscríbhinn I OWS

– PSCC43-2010-39 Marpol Iarscríbhinn II Stialladh

– PSCC47-2014-08 Marpol Iarscríbhinn III IMDG

– PSCC55-2022 07 Marpol Iarscríbhinn IV Camras

– PSCC52-2019-07 Marpol Iarscríbhinn V Dramhaíl

– PSCC55-2022-11 Marpol Iarscríbhinn VI Truailliú Aeir

– PSCC43-2010-38 Níochán amhola

– PSCC44-2011-20 Marpol Imscrúdú

– An Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um Ualach-líne

– PSCC54-2021-06 An Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um Ualach-líne

Coinbhinsiún AFS

– PSCC47-2014-13 Córais Frithsmálaithe

An Coinbhinsiún um Ola Umair

– PSCC43-2010-08 An Coinbhinsiún um Ola Umair

– Deimhniú Maraithe agus Foirnithe

– PSCC54-2021-04 Deimhniú Maraithe agus Foirnithe (STCW, MLC agus SOLAS)

– An Coinbhinsiún um Bainistiú Uisce Ballasta

– PSCC51-2018-09 An Coinbhinsiún um Bainistiú Uisce Ballasta

Coinbhinsiúin na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair

– PSCC52-2019-10 An Coinbhinsiún Oibreachais Mhuirí 2006 (MLC)

– PSCC53-2020-14 Uaireanta Oibre nó Scíthe agus oiriúnacht le haghaidh dualgais'

**IARSCRÍBHINN V**

‘IARSCRÍBHINN VIII

FORÁLACHA I dTACA LE ROCHTAIN AR CHALAFOIRT AGUS AR ANCAIREACHTAÍ LAISTIGH DEN CHOMHPHOBAL A DHIÚLTÚ

(dá dtagraítear in Airteagal 16)

(1) Má chomhlíontar na coinníollacha a shonraítear in Airteagal 16(1), cuirfidh údarás inniúil an chalafoirt sin ina gcuirfear an long faoi choinneáil den tríú huair máistir na loinge ar an eolas i scríbhinn go n-eiseofar ordú um dhiúltú rochtana a thiocfaidh i bhfeidhm díreach tar éis imeacht na loinge as an gcalafort. Tiocfaidh an t-ordú um dhiúltú rochtana i bhfeidhm díreach tar éis imeacht na loinge as an gcalafort tar éis na heasnaimh as ar tháinig an choinneáil a leigheas.

(2) Cuirfidh an t-údarás inniúil cóip den ordú um dhiúltú rochtana chuig córas riaracháin an Stáit brataí, chuig an eagraíocht aitheanta i gceist, chuig na Ballstáit eile, agus chuig sínitheoirí Mheabhrán Comhthuisceana Pháras, chuig an gCoimisiún agus chuig Rúnaíocht Mheabhrán Comhthuisceana Pháras. Tabharfaidh an t-údarás inniúil an bunachar sonraí cigireachtaí cothrom le dáta, gan aon mhoill, leis an bhfaisnéis faoin diúltú rochtana.

(3) Chun a iarraidh go gcuirfí ar ceal an t-ordú um dhiúltú rochtana, ní mór don úinéir nó don oibreoir iarraidh fhoirmiúil a chur chuig údarás inniúil an Bhallstáit a d’fhorchuir an t-ordú um dhiúltú rochtana. Ní mór doiciméad a bheith ag gabháil leis an iarraidh sin, doiciméad ó chóras riaracháin an Stáit brataí a eisíodh tar éis cuairt ar bord ag suirbhéir arna chuí-údarú ag córas riaracháin an Stáit brataí, ar doiciméad é lena léirítear go gcomhlíonann an long forálacha ábhartha na gCoinbhinsiún go hiomlán. Soláthróidh córas riaracháin an Stáit brataí fianaise don údarás inniúil gur tugadh cuairt ar bord.

(4) Nuair is iomchuí, ní mór doiciméad eile a bheith ag gabháil leis an iarraidh maidir leis an ordú um dhiúltú rochtana a chur ar ceal, eadhon doiciméad ón gcumann aicmiúcháin a rinne aicmiú ar an long tar éis cuairt ar bord ag suirbhéir an chumainn aicmiúcháin, ar doiciméad é lena léirítear go gcomhlánaíonn an long caighdeáin aicme arna leagan síos ag an gcumann sin go hiomlán. Soláthróidh an cumann aicmiúcháin fianaise don údarás inniúil gur tugadh cuairt ar bord.

(5) Ní fhéadfar an t-ordú um dhiúltú rochtana a chur ar ceal ach amháin nuair a bheidh an tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 16 den Treoir seo imithe thart agus ní mór don chuideachta iarraidh fhoirmiúil a chur chuig údarás Stáit calafoirt an Bhallstáit a d'fhorchuir an toirmeasc agus na doiciméid a iarradh i mír 3 agus i mír 4 a sholáthar.

(6) Ní mór iarraidh den sórt sin, lena n-áirítear na doiciméid riachtanacha, a chur faoi bhráid an Stáit a bhfuil an toirmeasc á fhorchur aige mí amháin ar a laghad roimh dheireadh na tréimhse toirmisc. Mura gcomhlíontar an spriocdháta sin, d'fhéadfadh moill suas le mí amháin a bheith i gceist i ndiaidh don a bhfuil an toirmeasc á fhorchur aige an iarraidh a fháil.

(7) Leis an gcóras faisnéise cuirfear toisc sháraitheach leis an long agus léireofar go bhfuil an long faoi dhliteanas i leith an chineáil cigireachta 'Cigireacht mhéadaithe' ag an gcéad chuairt eile ar chalafort/ancaireacht sa réigiún.

(8) Chomh maith leis sin, tabharfaidh an t-údarás inniúil fógra i scríbhinn faoina chinneadh do chóras riaracháin an Stáit brataí, don chumann aicmiúcháin i gceist, do na Ballstáit eile, do shínitheoirí eile Mheabhrán Comhthuisceana Pháras agus do Rúnaíocht Mheabhrán Comhthuisceana Pháras. Ní mór don údarás inniúil, freisin, an bunachar sonraí cigireachta a nuashonrú, agus faisnéis faoi chur ar cheal an ordaithe um dhiúltú rochtana a chur leis an mbunachar gan aon mhoill.

(9) Faisnéis faoi longa ar diúltaíodh rochtain dóibh ar chalafoirt laistigh den Chomhphobal, ní mór í a chur ar fáil sa bhunachar sonraí cigireachta agus í a fhoilsiú i gcomhréir le forálacha Airteagal 26 agus Iarscríbhinn XIII.'